An Roinn Oideachais
Department of Education

1 Meitheamh 2022

**A Phríomhoide, a chara,**

**Agus sinn ag druidim le deireadh na scoilbhliana reatha tá roinnt nuashonruithe maidir le soláthar tacaíochtaí do leanaí atá ag teacht as an Úcráin agus d'fhéadfaidís a bheith úsáideach duit.**

1. **Treochtaí leanúnacha maidir le teacht agus gluaiseacht teaghlach le linn mhíonna an tsamhraidh.**
   Ar an 13 Bealtaine, bhí 5,843 dalta as an Úcráin cláraithe i scoileanna ar fud na hÉireann. As an uimhir sin, tá 3,968 de na daltaí i mbunscoileanna agus tá 1,875 scoláire cláraithe in iar-bhunscoileanna. Baineadh amach an t-éacht iontach sin mar thoradh ar iarracht i gcomhar idir pobail scoile, an Roinn, a cuid gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara náisiúnta.

   Tá sé léirithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, (DCEDIY) go bhfuil daoine nua ag teacht go fóill ach nach bhfuil an ráta chomh hard agus a bhí. Tá sé curtha in iúl don Roinn freisin ag DCEDIY, a bhfuil sé de fhreagracht uirthi lóistín éigeandála a sholáthar do dhaoine atá ag teacht as an Úcráin, gur dócha go mbeidh roinnt teaghlach ón Úcráin ag bogadh ón lóistín ina bhfuil siad faoi láthair le linn mhíonna na tsamhraidh de bharr go raibh a socrúchán tosaigh gearrthéarmach agus sealadach. Cuirtear in iúl do scoileanna go bhféadfadh sé go mbeadh ar roinnt teaghlach a suíomh a athrú le linn mhíonna an tsamhraidh chun rochtain a fháil ar lóistín eile. D'fhéadfadh sé go lonnófaí roinnt de na teaghlaigh i lóistín gearrthéarmach (e.g. Lóistín do mhic léinn) le linn mhíonna an tsamhraidh agus dá bhrí sin go mb'fhéidir nach mbeidís san áit chéanna i mí Mheán Fómhair. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar leanaí scoil a athrú agus clárú i scoil nua i mí Mheán Fómhair. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth le DCEDIY maidir le pleanáil uimhreacha agus cásanna, agus beidh sí i dteagmháil le REALTanna agus scoileanna maidir le pleanáil i gcomhair clárúchán i mí Mheán Fómhair.

2. **Suirbhéanna Acmhainne**
   Bhí rannpháirtíocht na n-iar-bhunscoileanna sa suirbhé a rinneadh le déanaí ar acmhainn ionchasach chun freastal ar dhaltaí as an Úcráin

thar a bheith luachmhar maidir le 20,000 áit scoile a d'fhéadfadh a bheith ar fáil a shainaithint.  Tá suirbhé den chineál céanna díreach eisithe chuig na bunscoileanna go léir, agus úsáid á baint as seoltaí ríomhphoist atá taifeadta ar POD, agus ba cheart iad a chomhlánú a luaithe agus is féidir chun gur féidir tuiscint níos iomláine a fháil ar an acmhainn atá ar fáil chun freastal ar dhaltaí as an Úcráin.  Más rud é nach bhfuair bunscoil phríomhshrutha ar bith an suirbhé sin déan teagmháil le SchoolCapacitySurvey@education.gov.ie nó 057 9324461 (Rogha 2). Déanfar teagmháil go luath le scoileanna speisialta maidir le hacmhainn ionchasach.

3. **An cur chuige maidir le clárúcháin le linn an tsamhraidh – is é an cur chuige atá beartaithe ná go gcoinneoidh REALTanna liostaí, go ndeimhneoidh siad agus go rachaidh siad i dteagmháil le scoileanna i mí Lúnasa**

Tá an Roinn ag obair go dlúth leis na Foirne Oideachais agus Teanga Réigiúnacha (REALTanna) ar phróiseas réamhchláraithe i rith mhíonna an tsamhraidh in iarracht fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag baint le socrúcháin i mí Mheán Fómhair a laghdú. Thar thréimhse an tsamhraidh beith ar an gComhordaitheoir REALT na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Eolas bunúsach a bhailiú ó theaghlaigh a bhfuil áiteanna scoile á lorg acu;
- An acmhainn ábhartha ina gceantar áitiúil a sheiceáil agus sonraí GIS atá ar fáil á n-úsáid acu;
- Na riachtanais a mheaitseáil leis an acmhainn agus liostaí a choinneáil;
- Athsheiceáil a dhéanamh ar an suíomh agus ar shonraí eile agus sonraí leanaí a bhfuil áit á lorg acu a chur in iúl do scoileanna idir lár agus deireadh mhí Lúnasa.

4. **POD agus PPOD**

Meabhraítear do scoileanna an tábhacht a bhaineann leis an eolas atá ar POD agus ar PPOD a choinneáil cothrom le dáta, lena n-áirítear sonraí maidir le leanaí a chláraigh i scoil nó a bhfuil scoil fágtha acu.

5. **Seirbhísí na Scéime Iompair Scoile – iarratasóirí nua agus athiarratas ó na daltaí go léir as an Úcráin**

Leanfar na próisis reatha i dtaca le hiarratais ar iompar scoile do leanaí as an Úcráin do 2022/2023  Ní mór iarratais do leanaí a dteastaíonn

Iompar Scoile uathu den chéad uair do scoilbhliain 2022/2023 a dhéanamh ag teacht leis an bpróiseas reatha. Beidh ar na leanaí go léir a raibh leas á bhaint acu as Iompar Scoile do scoilbhliain 2021/22 athiarratas ar iompar a dhéanamh do scoilbhliain 2022/23 ag teacht leis na próisis reatha. San áireamh ansin tá leanaí i dtithe na dteaghlach óstach, teaghlaigh as an Úcráin atá ina gcónaí ina lóistín neamhspleách féin agus teaghlaigh atá ag cur fúthu in ionaid lóistín.

6. **Próiseas EAL agus ESOL maidir le hiarratas, ceadú agus tarraingt anuas**

Cuireadh na socruithe chun iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí do Bhéarla mar Theanga Bhreise (EAL) don scoilbhliain 2022/23 in iúl do scoileanna le déanaí. Ní mór iarratais a dhéanamh ar Fhoirm U-EAL 22/23 atá ar fáil ar an Nasc seo a leanas.
Déanfar acmhainní EAL a leithdháileadh de réir an tábla atá leagtha amach i bhFoirm U-EAL 22/23.

I gcásanna nach féidir le hiar-bhunscoileanna teacht ar mhúinteoir chun uaireanta EAL a chomhlíonadh, féadfaidh an scoil iarratas a dhéanamh díreach chuig an gcomhordaitheoir ESOL sa BOO áitiúil agus déanfar Teagascóir, má tá duine ar fáil, a shannadh ó phainéal ESOL chun na huaireanta sin, nó fuílleach na n-uaireanta sin, a chlúdach. Tabhair do d'aire nach bhfuil tacaíochtaí ESOL ar fáil ach amháin d'Iar-Bhunscoileanna.

7. **Ag tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu**

Is comhaltaí tábhachtacha d'fhoirne REALT iad an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NEPS). Nuair atá leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta aige/aici cláraithe i scoil, ba cheart don scoil teagmháil a dhéanamh lena nEagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO) áitiúil agus tabharfaidh seisean/sise cúnamh don scoil chun tacú leis na leanaí. Is féidir le scoileanna athbhreithniú eisceachtúil ar theagasc oideachais speisialta agus ar thacaíochtaí maidir le cúntóirí riachtanas speisialta a lorg leis an NCSE de réir mar is gá.

Nuair a mheasann scoileanna go bhféadfadh sé go dteastódh scoil speisialta nó socrúchán i rang speisialta ó leanaí as an Úcráin, ní mór do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an SENO áitiúil. Oibreoidh an SENO le teaghlach an linbh agus le gníomhaireachtaí eile lena chinntiú

go bhfuil na socrúcháin speisialta sin oiriúnach do riachtanais an linbh. Nuair a bheidh an méid sin deimhnithe tacóidh an SENO leis na teaghlaigh chun socrúcháin den chineál sin a fháil sa cheantar áitiúil.

8. **Comhairle do dhaltaí i rang a sé**
D'fhéadfadh sé gur mhian le scoileanna sonraí teagmhála na n-iar-bhunscoileanna áitiúla a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí na ndaltaí atá cláraithe i rang a sé faoi láthair.
I gcás go bhfuil deacrachtaí ag daltaí maidir le clárú i scoileanna, treoraigh chuig do chomhordaitheoir REALT áitiúil iad, agus cabhróidh seisean/sise leo chun áiteanna scoile a aimsiú.

9. **Comhairle maidir le socrúchán ranga**
Príomhthosaíocht is ea daltaí a shocrú sa rang is oiriúnaí dá n-aois, dá mbliainghrúpa agus dá gclár chun tacú le folláine, féiniúlacht, dul chun cinn agus torthaí oideachasúla. Tá nóta faisnéise mionsonraithe forbartha ag an Roinn chun treoir a thairiscint maidir le socrúchán ranga agus tá an chomhairle sin ar fáil anseo.

10. **Clár Samhraidh**
Ceadóidh Clár Samhraidh na bliana seo do gach bunscoil agus iar-bhunscoil clár samhraidh a thairiscint do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol i dtaca le míbhuntáiste oideachasúil. Tugann an clár ionchuimsitheachta seo deis do scoileanna aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag scoláirí inimirceacha amhail dul i ngleic le scileanna Béarla agus imeascadh.  Tá scoláirí a tháinig go hÉirinn as an Úcráin le déanaí san áireamh anseo freisin. Féach an nasc chuig an gClár Samhraidh anseo.

11. **Eolas faoi na Foirne Oideachais agus Teanga Réigiúnacha (REALTanna)**
Is é an príomhról atá ag REALT ná cúnamh a thabhairt do leanaí chun áiteanna scoile a aimsiú agus tacú le scoileanna chun riachtanais na leanaí sin a shásamh de réir mar a thagann siad chun cinn. Cuireann REALT comhairle agus tacaíocht ar fáil don Roinn freisin chun acmhainn bhreise a fhorbairt nuair a theastaíonn sí, agus chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí oideachais do leanaí agus do theaghlaigh ina gceantar sainithe féin. Tá rochtain ag gach REALT ar gheoiléarscáil na Roinne de na scoileanna go léir sa tír. Feidhmíonn na

foirne sin mar theagmháil idir scoileanna, seirbhísí tacaíochta oideachais áitiúla agus struchtúir thacaíochta náisiúnta maidir le daoine ag teacht as an Úcráin de réir mar is cuí.

Déantar na foirne réigiúnacha a óstáil agus tugtar tacaíocht riaracháin dóibh laistigh de na BOOanna agus treoraíonn siad líonra de phríomhghníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) pearsanra réigiúnach NEPS, pearsanra réigiúnach NCSE agus ainmnithe áitiúla an chomhlachta Bainistíocha ag obair leis na scoileanna áitiúla. Mar thoradh ar na príomhghníomhaireachtaí go léir a bheith ag obair le chéile ar bhealach iomlánaíoch cuirfear luach breise leis an bpróiseas tacaíochta do leanaí as an Úcráin. Dhírigh na foirne i dtús báire ar a chinntiú go n-aimsíonn na leanaí áiteanna scoile nuair atá siad ullamh chun dul i ngleic leis an gcóras scoile.

**12. Eolas ó údaráis na hÚcráine:**

Tá sé deimhnithe ag údaráis na hÚcráine gur cuireadh an scrúdú deiridh scolaíochta – ar a dtugtar an “Matura”, ar ceal i mbliana. Tabharfar teastais fágála scoile do scoláirí as an Úcráin, bunaithe ar an stádas acadúil a bhain siad amach sa chéad seimeastar den scoilbhliain reatha agus sa dara seimeastar má tá sé sin ar fáil. Tá údaráis na hÚcráine ag obair ar na nósanna imeachta a bhainfidh le teastais fágála scoile a fháil.

Cuireadh in iúl dúinn freisin go ndéanfar na scrúduithe iontrála Ollscoile don Úcráin a reáchtáil ar líne. Tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ag obair go dlúth le Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA) chun tacú le daoine óga as an Úcráin atá anseo in Éirinn agus ar mian leo an scrúdú sin a dhéanamh.

Tá Aireacht Oideachais na hÚcráine tar éis scoláirí atá ag iarraidh eolais faoi fhormáid an scrúdaithe a threorú chuig a suíomh gréasáin: https://testportal.gov.ua/vstupni-na-bakalavrat/

**13. Líne chabhrach na Roinne do Phríomhoidí**

Má tá riachtanais eile tacaíochta nó ceisteanna ag scoil, is féidir le príomhoide na scoile teagmháil a dhéanamh le líne chabhrach na Roinne ach ríomhphost a sheoladh chuig USupport@education.gov.ie

nó ar an nguthán ag 057 9324461. Beidh an líne chabhrach ag feidhmiú ó Luan go hAoine 09.00-17.00.

Is iondúil go gcríochnaíonn na bunscoileanna san Úcráin don samhradh ag tús mhí an Mheithimh. Dá bhrí sin cinntigh, le do thoil, go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí/scoláirí atá ag freastal ar scoil anseo ar an eolas faoi dhátaí dúnta scoileanna do scoilbhliain 2021/2022 agus faoi na dátaí athoscailte do scoilbhliain 2022/23.

Go raibh maith agat as do chúnamh leanúnach do na daltaí/scoláirí go léir as an Úcráin a tháinig chuig ár scoileanna ag an am deacair seo.

Is mise, le meas,

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta